Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 10 Meitheamh 2022**
**(OR. en)**

**10125/22**
**ADD 1**

**RECH 370**
**COMPET 490**
**RELEX 780**
**DEVGEN 120**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 10 Meitheamh 2022 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 9524/22 ADD 1 |
| Ábhar: | Prionsabail agus luachanna le haghaidh comhar idirnáisiúnta sa taighde agus sa nuálaíocht<br>- Conclúidí ón gComhairle (a glacadh an 10 Meitheamh 2022)<br>= Ráiteas ón gComhairle maidir le fogha míleata na Rúise faoin Úcráin agus a thionchar ar T&N |

**IARSCRÍBHINN**

**RÁITEAS ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LE**

**FOGHA MÍLEATA NA RÚISE FAOIN ÚCRÁIN AGUS A THIONCHAR AR T&N**

Cuireann an Chomhairle in iúl go láidir gur sárú fíochmhar ar an dlí idirnáisiúnta é fogha míleata na Rúise faoin Úcráin agus líon ollmhór sibhialtach á ghortú agus á mharú mar thoradh air. Tá ionsaithe á ndíriú ag an Rúis ar an bpobal sibhialta agus réada sibhialtacha mar sprioc aici, lena n-áirítear institiúidí eolaíocha, amhail ollscoileanna, institiúidí taighde agus leabharlanna. Chuir an cogadh timpeallacht taighde agus nuálaíochta (T&N) na hÚcráine i mbaol agus chuir sé caidreamh fónta eolaíochta le pobail T&N an dá thír i mbaol freisin.

Meabhraíonn an Chomhairle di gurb ionann urraim do chearta an duine agus saoirsí bunúsacha chomh maith le caidreamh síochánta a chur chun cinn i measc náisiúin mar bhonn don chomhar idirnáisiúnta i réimse T&N agus gur bagairt thromchúiseach do thaighdeoirí aonair é sárú na bprionsabal agus na luachanna sin.

Is díol sásaimh don Chomhairle an fhreagairt thapa ón gCoimisiún agus ó na Ballstáit chun an tairseach ERA4Ukraine a sheoladh faoi líonra Euraxess mar ionad ilfhreastail chun faisnéis a chur ar fáil maidir le tacaíocht do thaighdeoirí na hÚcráine ón Aontas, a Bhallstáit agus na Tíortha Comhlachaithe. Aithníonn an Chomhairle go bhfuil ERA4Ukraine ar ceann de na tionscnaimh leanúnacha ón gCoimisiún, ó na Ballstáit, ó eagraíochtaí éagsúla agus ó bhaill aonair de phobal T&N an Aontais chun tacú le taighdeoirí agus mic léinn na hÚcráine agus iarrann sí go ndéanfaí gníomhaíochtaí breise i leith na hÚcráine.

Is díol sásaimh don Chomhairle an cinneadh an comhar atá ann cheana agus an comhar nua le heintitis phoiblí sa Rúis agus sa Bhealarúis a chur ar fionraí, ar comhar é a thionscain an Coimisiún faoi chuimsiú na gClár Réime Eorpach um Thaighde agus um Nuálaíocht agus cláir ábhartha eile de chuid an Aontais, chomh maith leis na bearta a glacadh ar leibhéal na mBallstát. Iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún faisnéis a chur ar fáil di go tráthrialta sa chomhthéacs sin.

Cuireann an Chomhairle in iúl go láidir, dá bhrí sin, gur gá sásraí comhordaithe a chur chun feidhme a thuilleadh, agus na bearta náisiúnta atá ann cheana á gcur san áireamh, chun tacú le taighdeoirí agus mic léinn ar cuireadh iallach orthu teitheadh nó atá i mbaol de dheasca fogha míleata na Rúise. Thairis sin, cuireann an Chomhairle chun suntais a riachtanaí atá sé tacaíocht iomchuí a chur ar fáil chun go mbeidh an Úcráin in ann a cumais ardoideachais agus eolaíochta a choinneáil agus a athghabháil.

Cuireann an Chomhairle chun suntais sa chomhthéacs sin ábharthacht na taidhleoireachta eolaíochta mar uirlis thábhachtach chun luachanna agus prionsabail an chomhair idirnáisiúnta a shaothrú agus chun beartais T&N agus spriocanna uileghabhálacha beartais a nascadh le chéile.